Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12693/25**

**CES 49**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 29 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 – Glacadh |

1. Chuaigh téarma oifige chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in éag an 20 Meán Fómhair 2025[1].

2. De bhun Airteagal 302 CFAE, glacann an Chomhairle liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na moltaí arna ndéanamh ag gach Ballstát tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin, agus de réir an nós imeachta a leagtar amach in 14673/24, d’iarr Ardrúnaíocht na Comhairle ar na Ballstáit a moltaí a chur isteach le haghaidh iarrthóirí lena gceapadh ina gcomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

4. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na moltaí a chuir na Ballstáit isteach roimh an 10 Meitheamh 2025, a bhain le 266 chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

[1] Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n- aisghairtear agus lena n- ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

5. An 29 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún a thuairim fhabhrach maidir le 249 gcomhalta as na 266 chomhalta a moladh. Maidir leis na 17 gcomhalta eile a moladh, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar an gComhairle ina leith agus chuir sé a thuairim ar atráth maidir leis na moltaí sin.

6. An 16 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/1911[2] lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030. Leis an gCinneadh sin ceapadh 249 gcomhalta, don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030, eadhon na comhaltaí a mhol Rialtas na Bulgáire, na Seice, na Danmhairge, na Gréige, na Spáinne, na Cipire, na Laitvia, na hUngáire, Mhálta, na hOstaire, na Rómáine, na Slóvaice agus na Sualainne. Le Cinneadh (AE) 2025/1911 ceapadh freisin deichniúr comhaltaí a mhol Rialtas na Beilge, dhá chomhalta is fiche a mhol Rialtas na Gearmáine, seisear comhaltaí a mhol Rialtas na hEastóine, seisear comhaltaí a mhol Rialtas na hÉireann, trí chomhalta is fiche a mhol Rialtas na hIodáile, cúigear comhaltaí a mhol Rialtas Lucsamburg, deichniúr comhaltaí a mhol Rialtas na hÍsiltíre, naonúr comhaltaí a mhol Rialtas na Portaingéile, seisear comhaltaí a mhol Rialtas na Slóivéine, agus ochtar comhaltaí a mhol Rialtas na Fionlainne. Ní fhéadfaí na comhaltaí nár cuireadh moltaí lena gceapadh in iúl don Chomhairle roimh an 10 Meitheamh 2025 a chur san áireamh i gCinneadh (AE) 2025/1911.

7. Idir an 10 Meitheamh agus an 15 Iúil 2025, chuir na Ballstáit moltaí breise isteach[3] le haghaidh iarrthóirí lena gceapadh mar chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

8. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na moltaí breise sin.

[2] Cinneadh (AE) 2025/1911 ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2025 lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 (IO L, 2025/1911, 22.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1911/oj).

[3] 10373/25, 11004/25, 11600/25, 11654/25.

9. An 10 Meán Fómhair 2025, ghlac an Coimisiún a thuairim maidir leis na comhaltaí breise a mhol Rialtais na Fraince, na Cróite, na Liotuáine agus na Polainne, agus maidir leis na 17 gcomhalta ar cuireadh an tuairim ón gCoimisiún ar atráth ina leith. Dá réir sin, féadfaidh an Chomhairle dul ar aghaidh le ceapadh na gcomhaltaí sin de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Mar thoradh ar an gceapachán sin, ceapfar gach ceann de na 329 gcomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in ionad na 329 gcomhalta a ndeachaigh a sainorduithe in éag an 20 Meán Fómhair 2025.

10. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 29 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12692/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.